Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle: Seasamh (AE) Uimh. 17/2016 ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfar Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 ón gComhairle lena mbunaítear plean fadtéarmach don stoc trosc agus don iascach a shaothraíonn an stoc sin

(2016/C 395/02)

I. **RÉAMHRÁ**

1. Thíolaic an Coimisiún Eorpach an togra ar an 14 Meán Fómhair 2012 ([1]).

2. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim ar an 12 Nollaig 2012 ([2]).

3. Ar an 19 Nollaig 2012, chinn an Chomhairle an togra a roinnt ina dhá chuid ([3]) agus leasaigh sí cuid amháin den phlean trosc mar a bhí le Rialachán (AE) Uimh. 1243/2012 ([4]).

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa seasamh ar an gcéad léamh ar an 11 Meitheamh 2013 ([5]).

5. Ar an 1 Nollaig 2015 chuir an Chúirt Bhreithiúnais Rialachán (AE) Uimh. 1243/2012 ón gComhairle ar neamhní toisc gur mheas sí gur ar bhonn Airteagal 43(2) seachas Airteagal 43(3) a mba cheart an togra a ghlacadh ([6]). Chinn an Chúirt, áfach, go mbeidh éifeacht ag an Rialacháin sin go dtí go dtiocfaidh Rialachán nua i bhfeidhm a bheidh bunaithe ar Airteagal 43(2) CFAE, ar a dhéanaí faoin 31 Nollaig 2016.

6. Ar an 27 Aibreán 2016, chuir Coreper sainordú tosaigh ar fáil don Uachtaránacht chun caibidlíocht neamhfhoirmiúil a sheoladh le haghaidh Rialachán leasaitheach bunaithe ar Airteagal 43(2) CFAE ([7]). Tar éis do Pharlaimint na hEorpa athbhreithniú a dhéanamh ar a seasamh caibidlíochta, a fuair an Chomhairle ar an 7 Meitheamh 2016 ([8]), rinneadh athbhreithniú ar shainordú na hUachtaránachta ar an 22 Meitheamh 2016 ([9]).

7. Le linn cruinniú tríphairteach ar an 29 Meitheamh 2016, tháinig caibidleoirí na n-institiúidí ar chomhréiteach polaitiúil. I litir dar dáta an 13 Iúil 2016, chuir Cathaoirleach Choiste um Iascach Pharlaimint na hEorpa in iúl do Chathaoirleach Coreper 1, gur i gcás go dtíolacfadh an Chomhairle a seasamh go foirmiúil chuig Parlaimint na hEorpa mar a comhaontaíodh, ach sin faoi réir fíorúcháin ag na dlítheangeolaithe, go molfaidh sé don Seisiún Iomlánach go nglacfar seasamh na Comhairle, gan aon leasú, ar an dara léamh sa Pharlaimint. An comhréiteach ar ar thángthas ar an 29 Meitheamh 2016, d'fhormhuinigh Coreper é ar an 20 Iúil 2016 ([10]), agus fuair sé comhaontú polaitiúil ón gComhairle ar an 27 Iúil 2016 ([11]).

II. **CUSPÓIR**

8. Ba é ba aidhm leis an togra leasú a dhéanamh ar Rialachán 2008 ([12]) le haghaidh plean fadtéarmach don stoc trosc ("an plean trosc") is é sin an Rialachán atá ann faoi láthair. Moltar sa togra *inter alia* solúbthacht áirithe a chur isteach sna rialacha maidir le Gabhálacha Iomlána Incheadaithe, d'fhonn ríomh na hiarrachta iascaireachta a chomhchuibhiú ar bhealach níos fearr, agus d'fhonn dreasachtaí nua agus leasaithe a chur isteach i gcóras na srianta ar iarracht iascaireachta lena ndírítear ar an trosc a sheachaint agus ar ábhair mhuirí aischurtha a laghdú.

III. **ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH**

A. **Faisnéis Ghinearálta**

9. Sa seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, tacaíodh le roinnt leasuithe ar an togra ar thacaigh an Chomhairle leo freisin trí Rialachán (AE) Uimh. 1243/2012 uaithi - a cealaíodh ar ball. Mar sin féin, bheartaigh na

([1]) Féach 17340/12 PECHE 343 CODEC 2130.
([2]) IO C 44, 15.2.2013, lch. 125.
([3]) Féach 17340/12 PECHE 528 CODEC 2934.
([4]) IO L 352, 21.12.2012, lch. 10.
([5]) Féach 10685/13 CODEC 1375 PECHE 251 PE 272.
([6]) Cásanna Uamtha C-124/13 agus C-125/13.
([7]) Féach 8030/16 PECHE 142 CODEC 481 + ADD1.
([8]) Féach 9742/16 PECHE 198 CODEC 805.
([9]) Féach 10391/16 PECHE 230 CODEC 908 + ADD 1.
([10]) Féach 11122/16 PECHE 271 CODEC 1047.
([11]) Féach CM 3652/16 PECHE PROCED.
([12]) IO L 348, 24.12.2008, lch. 20.

comhreachtóirí, i gcomhaontú leis an gCoimisiún, athbhreithniú suntasach a dhéanamh ar a seasaimh os rud é go bhfuil an t-athchóiriú ar an gComhbheartas Iascaigh (CBI) tar éis an creat bainistíochta do phleananna ilbhliantúla a athrú ó 2014 i leith.

10. Bhí tionchar ag an athrú go dtí an creat bainistíochta ar an bplé maidir le leasú an phlean trosc ar na trí shlí seo a leanas go príomha:

— Leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, arna gcur isteach ag bunrialachán CBI (Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, cuireadh luach breise an chórais don iarracht iascaireachta sa phlean trosc in amhras, os rud é gur tugadh an córas sin isteach chun an t-easnamh céanna (ábhair mhuirí aischurtha) a laghdú. Ina theannta sin, os rud é go mbíonn feidhm ag an oibleagáid maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír diaidh ar ndiaidh sna hiascaigh éagsúla, éilíonn an beartas nua an-chuid oiriúnaithe agus solúbthachta ó na hiascairí agus ní féidir an riachtanas sin a chomhlíonadh má chuireann an rialachán srian, tríd an gcóras iarrachta, ar úsáid trealaimh agus ar an am a chaitear ar muir;

— Leis an oibleagáid maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír agus leis an ngá atá ann bogadh ar aghaidh ó choincheap bainistíochta aonspeicis in iascaigh mheasctha, éilítear plean bainistíochta ilbhliantúil de chineál nua. Tá obair déanta ag an gCoimisiún ar phleananna a thiocfaidh i ndiaidh an phlean trosc ó thaobh pleananna bainistíochta ilspeiceas limistéarbhunaithe de. Idir an dá linn, cuireadh an chéad cheann acu, a bhaineann leis an Mhuir Thuaidh, faoi bhráid na gcomhreachtóirí ([1]). Níl sé iomchuí, mar sin, gnéithe nua a chur leis an bplean trosc a thiocfadh roimh an bplé maidir leis na pleananna bainistíochta ilbhliantúla atá bunaithe ar athchóiriú;

— Tugtar isteach freisin leis an mbunrialachán coincheap an réigiúnithe, rud a thuigtear mar shásra ar leibhéal reachtaíocht thánaisteach an Aontais a thionscnaítear trí chomhar idir na Ballstáit ar leibhéal an imchuach farraige réigiúnaigh. De réir mar a athraíonn réigiúnú faoin mBunrialachán, mar shampla trí phleananna limistéarbhunaithe maidir le hábhair mhuirí aischurtha, tá sé iomchuí laghdú a dhéanamh ar leibhéal an mhionsonraithe d'iascaigh trosc a bhainistiú dá bhforáiltear sa phlean trosc.

B. **Cuspóir an phlean trosc**

11. Sa seasamh ón gComhairle, tá leasú ar chuspóir an phlean trosc (Airteagal 1 (3) den seasamh ón gComhairle). Is é is údar leis sin ná go sonraítear sa Bhunrialachán an cuspóir caomhnaithe foriomlán chun stoic a bhainistiú, agus go bhfuil sé mar aidhm grinn-athbhreithniú a sheachaint ar phointí tagartha bitheolaíocha do stoic trosc, rud ar cheart a dhéanamh trí na pleananna ilbhliantúla a thiocfaidh níos faide anonn. Tá an réiteach ar thángthas air i gcomhar le Parlaimint na hEorpa cosúil leis an gceann a comhaontaíodh don phlean ilbhliantúil a glacadh le déanaí do na stoic troisc, scadáin agus saláin i Muir Bhailt ([2]).

C. **Rialáil ar an iarracht**

12. Scrios an Chomhairle gach foráil a bhain le rialáil ar an iarracht (féach Airteagal 1 (1), (2), (9) go (11) den seasamh ón gComhairle). Tá an seasamh sin i gcomhréir leis an seasamh athbhreithnithe ón bParlaimint inar tacaíodh leis an mbeart sin d'fhonn fáil réidh le bac ar chur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír atá á tabhairt isteach in iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh ó 2016 i leith. Leis an mbeart níos radacaí sin, gabhadh ionad leasuithe 4 agus 5, 9 go 17 agus 19 go 21 den seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh in 2013, a raibh ábhair imní chomhchosúla (simpliú, solúbthacht) mar spreagadh dóibh, ach fós laistigh de chóras na rialála ar an iarracht iascaireachta.

13. Sa phlean trosc, choinnigh an Chomhairle oibleagáid na mBallstát an acmhainn fhoriomlán iascaireachta (i kW) a theorannú don trealamh rialáilte i limistéar (Airteagal 1 (8) den seasamh ón gComhairle). Tá an oibleagáid sin, a bhí mar chuid den chaibidil maidir le rialáil ar iarracht roimhe seo, go hiomlán ar leithligh anois.

14. I gcomhréir le leasuithe tosaigh na Parlaiminte, is iad sin leasú 8 agus leasú18, chomhaontaigh an Chomhairle aithris a chur isteach (aithris 5) lena leagtar béim ar a thábhachtaí atá bearta ó na Ballstáit maidir le laghdú a dhéanamh ar ábhair mhuirí aischurtha agus maidir le trosc a sheachaint, os rud é gur measadh iad sin a bheith ina n-éachta luachmhara faoin bplean trosc lena bhféadfaí cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír a éascú.

([1]) Féach 11636/16 PECHE 293 CODEC 1142 IA 62.
([2]) IO L 191, 15.7.2016, lch. 1.

D. **Rialacha maidir le Gabhálacha Iomlána Incheadaithe**

15. Leis an seasamh ón gComhairle, déantar na rialacha maidir le gabhálacha iomlána incheadaithe (Airteagail 6 go 10 den phlean trosc) a ghiorrú agus déantar níos solúbtha iad. Go háirithe, níl leibhéil réamhchúramacha bhithmhaise sceite in Airteagal 6 a thuilleadh, os rud é gur cheart do na comhreachtóirí teacht ar ais chuig na leibhéil sin nuair a bheidh tograí ón gCoimisiún maidir le pleananna nua bainistíochta ilbhliantúla, mar aon leis na hoibleagáidí bainistíochta a bhaineann leo (Airteagail 7 agus 8 den phlean trosc).

16. Le simpliú Airteagal 6 agus le scriosadh Airteagail 7 agus 8 den phlean trosc (féach Airteagal 1 (4) agus (5) den seasamh ón gComhairle), feictear go soiléir go bhfuil an plean trosc leasaithe idirthréimhseach, mar a léirítear san aithris 6 nua. Deimhníodh an cur chuige sin i seasamh caibidlíochta athbhreithnithe Pharlaimint na hEorpa. Mheas na comhreachtóirí freisin an gá atá ann teacht ar chomhaontú maidir leis na leasuithe ar an bplean trosc agus muid fós in 2016, agus thug siad dá n-aire go moltar leis an gcomhairle eolaíoch don stoic trosc sa Mhuir Thuaidh go ndéanfar athmheasúnú ar an straitéis bhainistíochta (féach an leasú ar aithris 2).

17. Rinneadh leasú cheana (leasú 7), agus an chéad léamh á dhéanamh ag an bParlaimint, ar an togra ón gCoimisiún maidir le hathfhoirmliú Airteagal 9 i ndáil le nós imeachta speisialta chun TACanna a leagan síos i staideanna nach bhfuil mórán sonraí ar fáil ina leith. Maidir leis an seasamh caibidlíochta athbhreithnithe ó Pharlaimint na hEorpa, tá seasamh na Comhairle ag teacht leis i dtaobh an dolúbthacht a laghdú, ach tá sé i bhfábhar leibhéal i bhfad níos ísle mionsonraithe.

18. Ar deireadh, scriostar Airteagal 10 den phlean trosc sa seasamh ón gComhairle tar éis na hiarrata ón bParlaimint inar luadh nach raibh sé i gcomhréir a thuilleadh le tuiscint na gcomhreachtóirí i dáil le cinntí a dhéanamh maidir le roghanna beartais.

IV. **CONCLÚID**

19. Agus a seasamh á bunú aici, tá lán-aird tugtha ag an gComhairle ar an togra ón gCoimisiún agus ar an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus ar sheasamh caibidlíochta athbhreithnithe na Parlaiminte.